



## Cáipéis Threorach do Ghrúpaí/Eagraíochtaí a bhfuil suim acu san Ábhar seo

### Céard atá i “Coinnigh Uainn É”

Is éard atá i gceist le Coinnigh Uainn É timpeallacht a chabhróidh le daoine staonadh ón tobac agus fanacht ag staonadh, a chothú ionas nach mbreathnóidh an chéad ghlúin eile air, gur rud nádúrtha atá ann tobac a chaiteamh.

### An sprioc atá Coinnigh Uainn É:

- Leanaí agus daoine óga a chosaint ó róthógáil deataigh athlámhe.
- Cur le dí-normalú caitheamh tobac i measc leanaí agus daoine óga.
- An núis timpeallachta, costas glantacháin agus damáiste a chruthaíonn táirgí tobac a laghdú.
- Méar eolais chuig seirbhísí Scoir FnaSS.

### Conas Coinnigh Uainn É a Chur i bhFeidhm:

Ní mór cúpla pointe a chur san áireamh sula dtugann tú tiomantas don tionscnamh Coinnigh Uainn É :

- An bhfuil do **Bhord Bainistíochta** ar an eolas faoi do phleananna chun Coinnigh Uainn É a chur i bhfeidhm i d’eagraíocht?
- An bhfuil **an fhoireann** ar an eolas faoi do phleananna chun Coinnigh Uainn É a chur i bhfeidhm i d’eagraíocht?
- Ar phléigh tú an tionscnamh Coinnigh Uainn É le **daoine eile** a úsáideann d’ionad?

Na Céimeanna atá le tógáil chun **Coinnigh Uainn É** a chur i bhfeidhm i d’eagraíocht:

- Buail leis an bhfoireann agus labhair leo faoi conas an tionscadal a chur i bhfeidhm i d’eagraíocht.
- Aimsigh i gcomhar leis an bhfoireann:
  - Láithreacha feiceálacha chun an chomharthaíocht Coinnigh Uainn É a chrochadh.
  - Cineál, agus líon na gcomharthaí a theastaíonn.
  - Láthair scoite do dhaoine chun tobac a chaitheamh, más gá.
  - Bealaí éifeachtacha chun an teachtaireacht Coinnigh Uainn É a chur in iúl.
- Comhlánaigh an Fhoirm um Léiriú Spéise agus seol ar ais chuig [healthygalway@gcp.ie](mailto:healthygalway@gcp.ie).
- Taispeáin comharthaíocht Coinnigh Uainn É sna háiteanna socraithe.

- Cinntigh go bhfuil an fhoireann muiníneach as an teachtaireacht Coinnigh Uainn É a chur in iúl dóibh siúd a úsáideann d'ionad.
- Méar eolais chuig seirbhísí QUIT FnaSS. QUIT Smoking West – teil 091 737262, Rphost [quitsmoking.west@hse.ie](mailto:quitsmoking.west@hse.ie); téigh chuig [QUIT.ie](http://QUIT.ie).

*\* Tabhair faoi deara: Fágfar feidhmiú an scéime faoi do chomhairle féin é. Ní gá go gcaithfidh baill foirne aghaidh a thabhairt ar dhaoine a leanann orthu ag caitheamh tobac.*

### Cumarsáidí:

- Scaip an scéal faoi do rannpháirtíocht sa tionscadal Coinnigh Uainn É ar mheáin shóisialta d'eagraíocht, nuachtlitreacha áitiúla, nuachtáin agus raidió áitiúil má bhíonn an deis agaibh.
- Úsáid na haischlibeanna #NotAroundUs #HealthyGalway i ngach teachtaireacht meáin shóisialta.
- Cuir lipéad ar na príomhpháirtnéirí @HealthyGalway @HSEQuit @HealthyIreland @HealthyGalwayCounty.

### Tuilleadh eolais:

#### Cathair na Gaillimhe:

Ashling Jennings  
Comhordaitheoir Cathair Sláintiúil na Gaillimhe  
[healthygalway@gcp.ie](mailto:healthygalway@gcp.ie)  
085 8217547

#### Contae na Gaillimhe:

Andrew McBride  
Comhordaitheoir Contae Sláintiúil na Gaillimhe  
[amcbride@galwaycoco.ie](mailto:amcbride@galwaycoco.ie)  
087 7777790



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



Faigheann an Ciste d'Éire Sláintiúil cúnamh ón Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige